




Saothar Ealaíne Iontach A Tháirgeadh

Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú

Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016–2025)



THE ARTS CANNOT
WE MUST TALK ABOUT
THE WORK OF ARTISTS
WHICH IS NOT AS
SEPARATE
FROM OUR SOCIETY
AS IT USED TO BE
OUR VISIONS
OF THE FUTURE
else.
anything



70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath,
Éire

T + 353 1 6180200
R.phost info@artscouncil.ie
Gréasán www.artscouncil.ie

Foilsithe: Meán Fómhair 2015
ISBN 978-1-904291-51-0

Spreagann agus léiríonn saothar healaíontóirí rithim an ghnáthshaoil mar aon le himeachtaí móra sa saol poiblí. Cuireann na healaíona cruth orainn, tugann siad ar ndúshlán, tugann siad pléisiúr dúinn, cuidíonn siad linn aithne a chur orainn féin agus ar an áit a bhfuilimid ag dul: gné ríthábhachtach dár gcomhfhiosacht agus dár gcomhrá is ea a gcumhacht shainiúil, chruthaitheach. Sa bhaile agus thar lear sainmharc dár gcruthaitheacht mar dhaoine iad na healaíona.

Faoi cheann deich mbliana, táimid ag iarraidh go mbeidh seasamh idirnáisiúnta na hÉireann mar cheannaire sna healaíona láidrithe ag ár dtiomantas do ghlúine nua d'ealaíontóirí uailmhianacha, nuálacha. Cuirfidh beogacht na n-ealaíon ar fud na tíre agus inár bpobail éagsúla le beartas cultúrtha náisiúnta agus beidh tionchar aige ar obair níos leithne rialtais láir agus áitiúil.

Sna deich mbliana idir 2016–2025, tá sé i gceist againn lárnacht na n-ealaíon i saol na hÉireann a láidriú trínár dtacaíocht, trí thacú le healaíontóirí ar feadh a ngairmeacha, trí rannpháirtíocht mórán gníomhaireachtaí i soláthar cultúrtha, trí thionchar na n-ealaíon ar an ngeilleagar cruthaitheach, agus trí mhéid agus fairsinge rannpháirtíocht daoine sna healaíona mar ghné luachmhar dá saol.

Bunaíonn **Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh** na comhordanáidí trína dtreoróidh an Chomhairle Ealaíon forbairt na n-ealaíon sna deich mbliana idir 2016–2025. Mar chomhlacht saineolach, comhpháirtí straitéiseach, comhairleoir reachtúil agus tacadóir do na healaíona, táimid soiléir faoin ngá le hathrú agus athnuachan, réadúil faoi na dúshláin ar fad atá romhainn, agus muiníneach faoi láidreachtaí na n-ealaíon. Tá an mhuinín sin bunaithe ar thrí rud:

1. caighdeán agus cumhacht na hoibre agus na saothar a dhéanann na healaíontóirí agus na heagraíochtaí ealaíon in Éirinn
2. ardleibhéil rannpháirtíochta sna healaíona i measc phobal na hÉireann
3. tiomantas agus infheistíocht go leor rannpháirtithe agus páirtithe leasmhara atá den tuairim go saibhríonn na healaíona saol daoine aonair, pobail agus na sochaí.

Sonraítear difríocht inár straitéis idir deacrachtaí láithreacha a eascraíonn as an ngéarchéim airgeadais agus gheilleagrach le déanaí agus na dúshláin níos fadréimsí óna dteastaíonn gníomh forbartha thar dheich mbliana. Feicimid féidearthachtaí spreagúla do na healaíona sna dúshláin sin.

Ní bhaineann ár dtiomantas le múnlaí roimhe seo a athchóiriú, ach le hacmhainní a chur ar fáil go roghnach agus go dea-phleanáilte le haghaidh cleachtas sármhaith, lena n-áirítear cur chuige úr agus dinimiciúil i leith rannpháirtíocht an phobail.

Sainaithnítear inár straitéis an t-ealaíontóir agus rannpháirtíocht an phobail mar a dhá tosaíocht rialaitheacha agus idirspiléacha agus roghnaítear chomh maith cláir oibre laistigh de na fearainn sin. I gcás seo againne, ní mór bheith roghnach le bheith straitéiseach. Beidh ar gach duine a bhíonn páirteach inár gcreat infheistíochta nua athrú a dhéanamh sna caidrimh mhaoinithe a bhíonn againn thar ceann an phobail.

Beidh pleanáil spásúil agus faisnéis dhéimeagrafach mar bhonn eolais faoinár n-infheistíocht, faoinár dtacaíocht agus faoinár ngníomhartha eile. Is é is cúis leis seo go bhfuil daoine agus áiteanna lárnach do bheartas agus do sholáthar sna healaíona. Ar an gcúis sin, láidreoidimid ár gcomhpháirtíocht leis an rialtas áitiúil trí chomhaontuithe foirmiúla. Lorgóimid comhpháirtíochtaí nua chomh maith chun leas a bhaint as na ceangail idir na healaíona agus roinnt príomhréimsí dár sochaí agus dár ngeilleagair níos leithne.

Is iad athrú agus athnuachan fócas na straitéise seo. Oibreoimid lenár gcomhpháirtithe chun athrú in earnáil na n-ealaíon a bhaint amach ach tá a fhios againn gur gá dúinn tosú linn féin: leis an méid a roghnaímid a dhéanamh agus an chaoi a ndéanaimid é.

Cé go mbunaíonn **Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh** na comhordanáidí trína dtreoróidh an Chomhairle Ealaíon forbairt na n-ealaíon sna deich mbliana idir 2016–2025, beidh pleananna níos mionsonraithe ag teastáil gach trí bliana chun an fhorbairt sin a threorú. Cuirfidh timthriallacha trí bliana laistigh de chreat straitéiseach deich mbliana ar ár gcumas cuspóirí meántearma agus spriocanna fadtéarmacha a bhaint amach.

Díríonn **Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh** ar shainchúram agus ar fhreagrachtaí na Comhairle Ealaíon laistigh de chomhthéacsanna níos leithne cultúir agus sochaí sibhialta. Beidh roinnt gnéithe de na comhthéacsanna níos leithne sin an-suntasach chun ár straitéis a chur i gcrích.

Tá na healaíona dlúthnasctha le hathrú sóisialta agus cultúrtha agus beidh an Chomhairle Ealaíon feasach ar na deiseanna agus ar na freagrachtaí a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar chomhthéacsanna atá ag athrú.


An Chomhairle Ealaíon

Na hEalaíona

(arna sainmhíniú san Acht Ealaíon agus
arna thacú ag an gComhairle Ealaíon)

An Earnáil Chruthaitheach agus Chultúrtha

Timpeallacht Shóisialta, Shibhialta agus Gheilleagrach



Ár Sainchúram

De réir mar a d'éabhlóidigh na healaíona agus an Stát, tharla amhlaidh do ról na Comhairle Ealaíon. Bunaíodh an Chomhairle Ealaíon faoi Acht Ealaíon 1951 agus cuireadh de chúram uirthi faon Acht suim an phobail a spreagadh; eolas agus léirthuisctint agus cleachtadh na n-ealaíon a chur chun cinn; agus cuidiú le caighdeáin sna healaíona a fheabhsú. Forbraíodh an ról sin in Acht 1973 agus éascaíodh éachtaí sna blianta ina dhiaidh sin, go háirithe rochtain agus rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail.

D'athdhearbhaigh Acht Ealaíon 2003 trí phríomhchuspóir na Comhairle Ealaíon agus ath-chalabraíodh an caidreamh idir í agus an Rialtas. Chuir sé bonn agus taca faoi fhéinriail na Comhairle mar chomhlacht saineolach chun na healaíona a mhaoiniú agus a chur chun cinn, chun a bhforbairt a stiúradh, agus chun comhairle a chur ar fáil ar chúrsaí ealaíon agus cultúrtha.

Ár Luachanna

Mar chomhlacht poiblí reachtúil, feidhmíonn an Chomhairle Ealaíon laistigh de chreat dualgais dlí agus rialaithe agus réimse cód um dhea-chleachtas. Mar aon leis sin, táimid treoraithe ag sraith luachanna lena n-áirítear:

Saoirse smaointeoireachta agus léirithe

rud atá ríthábhachtach chun smaointe agus saothar nua a fhorbairt

Tiomantas do shármhaitheas

i ngach gné dár gcuid oibre féin agus de shaothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, agus daoine eile lena dtacaímid

Sláine, cuntasacht, trédhearcacht

inár gcinnteoireacht ar fad agus go háirithe san infheistíocht a dhéanaimid ar airgead poiblí

Meas ar éagsúlacht

i gcleachtas ealaíne, i rannpháirtíocht an phobail, agus i dtraidisiúin shóisialta agus chultúrtha

Comhghleacaíocht

cumarsáid a dhéanamh agus oibriú go measúil le comhpháirtithe, páirtithe leasmhara agus leis an earnáil ealaíon i gcoitinne

Ár bhFís

Faighimid inspioráid nuair a smaoinímid ar Éirinn

- ina léirítear **luach** ar na healaíona mar ghné lárnach den saol cathartha, agus mar shainmharc d'aitheantas áitiúil agus náisiúnta, agus mar chomhartha agus mar shíniú dár gcruthaitheacht mar dhaoine
- ina **gcleachtar agus ina mbaintear taitneamh** as na healaíona go forleathan inár bpobail, i spásanna poiblí (fíor agus réadúil) agus in ionaid speisialta ar fud na tíre
- inar féidir le healaíontóirí agus le cleachtóirí atá ag obair go gairmiúil sna healaíona mar gheall ar an mbua agus tiomantas iontach atá acu gairmeacha **táirgiúla agus tairbheacha** a bheith acu
- ina n-aithníonn polaiteoirí, cinnteoirí agus oifigigh áitiúla agus náisiúnta i réimse leathan ranna agus gníomhaireachtaí **luach sochaíoch** sainiúil na n-ealaíon agus ina ndéanann siad foráil dóibh dá réir
- ina dtugtar dóthain acmhainní don Chomhairle Ealaíon mar **ghníomhaireacht forbartha** náisiúnta i gcomhair na n-ealaíon le dul i ngleic i gceart le leithead iomlán a shainchúraim

Ár Misean


Is é ár misean forbairt na n-ealaíon a threorú in Éirinn.

Déanaimid é seo ar cheithre bhealach:

1. **Tacaímid** le tábhacht agus luach na n-ealaíon agus cuirimid a gcleachtas agus a bhforbairt chun cinn.
2. Cuirimid **comhairle** ar an rialtas agus ar dhreamanna eile maidir leis na healaíona de réir mar is gá san Acht Ealaíon.
3. **Infheistímid** airgead poiblí a leithdháileann an rialtas orainn le tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun obair shármhaith a chruthú agus i ngníomhartha eile atá comhsheasmhach lenár sainchúram.
4. **Oibrímid i gcomhpháirt** leis an Roinn Ealaíon agus le ranna rialtais eile mar aon le rialtas áitiúil agus le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí laistigh den earnáil chultúrtha agus taobh amuigh di.

Ár dTosaíochtaí agus Spriocanna

Leagtar amach cúig réimse tosaíochta in **Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh**, a bhfuil sprioc ar leith ag gach ceann díobh. Tá dhá réimse beartais a aithnímid mar thosaíochtaí: ‘An tEalaíontóir’ agus ‘Rannpháirtíocht an Phobail’. Anuas air sin sainímid trí réimse dár bpleanáil agus dár gcinnteoireacht mar thosaíochtaí. Is iad sin: ‘Straitéis Infheistíochta’; ‘Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach’; agus ‘Cumas a Fhorbairt’.



An tEalaíontóir



Go dtacaítear le healaíontóirí le saothar sármhaith a chruthú a mbaintear taitneamh as agus atá luachmhar

Straitéis Infheistíochta



Go n-infheistítear airgead poiblí go héifeachtach chun tosaíochtaí na Comhairle Ealaíon a réadú

Rannpháirtíocht an Phobail



Go mbaine níos mó daoine taitneamh as taithí ealaíon d'ardchaighdeán

Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach



Go dté soláthar ealaíon dea-phleanáilte chun tairbhe daoine ar fud na hÉireann

Cumas a Fhorbairt



Go raibh an fhaisnéis, na scileanna agus an chruthaitheacht ag an gComhairle Ealaíon agus ag an earnáil ealaíon chun an straitéis seo a bhaint amach



An tEalaíontóir



Go dtacaítear le healaíontóirí le saothar sármhaith a chruthú a mbaintear taitneamh as agus atá luachmhar

Cén fáth an sprioc seo?

- Léiríonn saothar ealaíontóirí an t-am i láthair, cuireann sé lenár dtuiscint ar an am a caitheadh, agus spreagann sé ár bhfís don am atá le teacht.
- Mar gheall go n-infheistimid airgead poiblí, déanaimid iarracht mhór inár gcinnteoireacht chun taitneamh an phobail as saothar ealaíontóirí agus a luach sochaíoch níos leithne a éascú.
- Príomhfhreagracht de chuid na Comhairle Ealaíon is ea tacú le saothar ealaíne d'ardchaighdeán a dhéanamh agus tá breith a déanamh maidir le caighdeán ealaíonta ar cheann dár bpríomhfheidhmeanna.
- Cuireann ár misean chun na healaíona a fhorbairt lenár dtiomantas d'ealaíontóirí nua agus do gach ealaíontóir – idir chruthaitheach agus léirmhínteach – a bhfuil infheistíocht tuillte ag caighdeán a gcleachtais.
- Aithnímid go n-oibríonn ealaíontóirí mar chleachtóirí aonair agus mar chomhoibrithe i raon leathan comhthéacsanna, ó thimpeallachtaí ealaíon, go suíomhanna sóisialta, go dtí na tionscail chruthaitheacha agus chultúrtha.
- Imní leanúnach de chuid na Comhairle Ealaíon is ea gur ionann an leibhéal réasúnta íseal luach saothair a fhagheann go leor ealaíontóirí agus fóirdheontas ceilte suntasach na n-ealaíon.

Céard a dhéanaimid chun an sprioc seo a bhaint amach?

- Tacóimid go láidir le ról sainiúil agus tábhachtach an ealaíontóra sa tsochaí agus i mbeartas cultúrtha náisiúnta.
- Cuirfimid comhairle ar an rialtas láir agus áitiúil maidir le soláthar reachtúil agus rialaitheach agus ar ghníomhartha eile a thacódh le healaíontóirí chun gairmeacha táirgiúla agus inmharthana go geilleagrach a bheith acu.
- Cinnteoidimid go gcruthaíonn ár straitéis infheistíochta agus ár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha timpeallacht inar féidir le healaíontóirí saothar a dhéanamh d'uallmhian agus de cháilíocht, agus go bhfaighidh siad luach saothair cuí.
- Déanfaimid monatóireacht ar ár maoiniú lena chinntiú go mbíonn cothromaíocht mhaith idir na tacaíochtaí d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí bunaithe agus d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí atá ag teacht chun cinn.
- Freastalóimid go speisialta ar na dálaí a éascaíonn déanamh saothair – ó cheapadh go táirgeadh go cur i láthair poiblí – agus do na comhthéacsanna ar fad ina ndéanann ealaíontóirí a saothar.
- Déanfaimid athbhreithniú rialta ar ár réimse tacaíochtaí, ar ár gcritéir agus ar ár dtreoirilínte, agus ar ár socrúithe maoinithe lena chinntiú go dtéann siad i ngleic le baint amach na sprice seo.

Cén chaoi a mbeidh a fhios againn gur chuireamar an sprioc seo chun cinn?

- Coinneoimid súil ar thionchair ár dtacaíochta agus ár gcomhairle a bhaineann le healaíontóirí. Trí idirchaidreamh foirmiúil leis an Roinn Ealaíon agus le rialtas áitiúil, déanfaimid rianú ar dhul chun cinn na ngníomhartha a rachaidh i ngleic leis an sprioc seo.
- Leagfaimid amach inár straitéis infheistíochta bhliantúil réimse agus cineál ár dtacaíochtaí d'ealaíontóirí i ndisciplíní éagsúla agus ag pointí éagsúla ina ngairmeacha.
- Foilseoimid sainmhíniú agus cur síos mionsonraithe ar ár gcritéir do thacaíocht agus d'infheistíocht, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil cáilíocht ealaíonta acu.
- Cinnteoidimid go mbíonn eagraíochtaí ealaíon ina bhfoinsí tábhachtacha faisnéise mionsonraithe maidir leis an gcaoi a dtacaítear le healaíontóirí agus maidir leis an bhfreagra poiblí ar a gcuid oibre mar thoradh ar ár gcomhaontuithe maoinithe.
- Déanfaimid monatóireacht rialta ar dhálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí a bhíonn ag athrú agus cuirfidh na sonraí agus an fhaisnéis ó eagraíochtaí acmhainne ábhartha leis sin.

An tEalaíontóir

Cuspóir 1

A chinntiú go dtacaítear le healaíontóirí ag na príomhchéimeanna i saolré a ngairmeacha

Gníomhartha Tacaíochta

- Sainaitheoimid na cineálacha éagsúla tacaíochta a theastaíonn ó ealaíontóirí agus iad ag lorg gairmeacha táirgiúla agus inmharthana go geilleagrach óna dteacht chun cinn, go dtí a mbunaithe, trí lár a ngairmeacha agus i dtreo dheireadh a saoil oibre.
- Cinnteoimid go nasctar ár gcleachtais infheistíochta, ár gcomhaontuithe cómhaoinithe le comhpháirtithe, agus ár gcomhaontuithe maoinithe le heagraíochtaí chun struchtúr tacaíochta a chur ar fáil atá cothromaithe maidir le dul i ngleic le céimeanna éagsúla de ghairm ealaíontóra.

Cuspóir 2

A chinntiú go gcuirtear timpeallacht thacúil oibre ar fáil a théann i ngleic le príomhphointí sa timthriall chruthaitheach trína ndéantar ealaín

Gníomhartha Tacaíochta

- Oibreoimid lena gcomhpháirtithe – go háirithe sa rialtas áitiúil – chun timpeallacht thacúil oibre a chur ar fáil d’ealaíontóirí ag gach pointe sa timthriall taighde agus turgnaimh, forbartha agus táirgthe, cuir i láthair agus taispeána, trína réadaítear ealaín iontach ina hiomláine.
- Cinnteoimid go gcuirtear san áireamh inár n-infheistíocht agus inár ngníomhartha eile riachtanais na ndisciplíní éagsúla agus na gcleachtas éagsúil, na hoibre atá idirdhisciplíneach, agus an réimse socruithe ina mbíonn ealaíontóirí agus an pobal rannpháirteach le chéile.

An tEalaíontóir

Cuspóir 3

Dálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí a chur ar aghaidh

Gníomhartha Tacaíochta

- Cuirfimid béim ar luach saothair cóir agus cothrom a thabhairt d'ealaíontóirí inár straitéis infheistíochta fhoriomlán agus ina cláir agus scéimeanna maoinithe, agus inár gcomhpháirtíochtaí agus inár gcaidrimh oibre.
- Tabharfaimid tiomantas léirithe don chuspóir lárnach seo inár gcomhaontuithe maoinithe le heagraíochtaí ealaíon.
- Beidh faisnéis maidir le dálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí ina gné thábhachtach dár gcláir comhairle agus tacaíochta mar aon lenár gcomhpháirtíochtaí.

Cuspóir 4

An luach a bhaineann le caidrimh agus le cleachtas idirnáisiúnta a aithint agus tacaíocht a thabhairt do na daoine a théann sa tóir ar na deiseanna sin

Gníomhartha Tacaíochta

- Molfaimid gur cheart go mbeadh ailíniú níos fearr idir na tacaíochtaí le hoibriú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, de bhrí go bhfeidhmíonn go leor ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon i gcomhthéacs idirnáisiúnta nó go bhfuil sé de mhian acu sin a dhéanamh. Mionathróimid ár mbeartais féin dá réir.

An tEalaíontóir

Cuspóir 5

Luach a bheith ar ealaíontóirí atá ag oibriú i raon leathan comhthéacsanna agus tacú leo

Gníomhartha Tacaíochta

- Léireofar inár mbeartais um fhoirm ealaíne, inár straitéis infheistíochta agus inár ngníomhartha eile an raon cleachtas agus réimse socruithe ina ndéanann ealaíontóirí saothar agus ina mbíonn siad rannpháirteach leis an bpobal.
- Cothóimid naisc agus malartuithe eatarthu siúd a oibríonn in earnáil na n-ealaíon maoinithe agus iad siúd a oibríonn i réimsí éagsúla den earnáil chruthaitheach agus chultúrtha.
- Tacóimid agus beidh meas againn ar luach an ról shainiúil atá ag cleachtas ealaíne amaitéarach, an méid thábhachtach a chuireann sé le beogacht na n-ealaíon agus cineálacha áirithe foirmeacha ealaíne go sonrach, agus na tairbhí sóisialta a bhaineann leis.



Rannpháirtíocht an Phobail



Go mbaine níos mó daoine taitneamh as taithí ealaíon d'ardchaighdeán

Cén fáth an sprioc seo?

- Tá an pobal lárnach inár sainchúram reachtúil agus lenár bhfis i gcomhair na n-ealaíon.
- Dá mhéad daoine a bhíonn rannpháirteach sna healaíona agus dá mhó a n-éagsúlacht shóisialta, is ea is suntasaí na tairbhí sochaíocha a dhíorthaítear ó infheistíocht na Comhairle Ealaíon.

Céard a dhéanaimid chun an sprioc seo a bhaint amach?

- Beidh rannpháirtíocht an phobail ina tosaíocht againn inár gcomhaontuithe maoinithe le heagraíochtaí ealaíon agus tabharfaimid dreasachtaí do ghníomhartha forbartha sa réimse sin.
- Tabharfaimid tacaíocht, comhairle agus infheistíocht agus comhoibreoimid ionas go mbainfidh an pobal i gcoitinne agus iad siúd atá mar thosaíocht shonrach inár straitéis taitneamh as na healaíona.
- Tacóimid le gníomhartha chun lucht féachana nua a fhorbairt agus chun rannpháirtíocht na ndaoine sin atá rannpháirteach cheana a dhoimhniú.
- Cinnteoidimid go beidh eolas spásúil agus déimeagrafach mar bhonn eolais faoinár mbeartais, ár bpleananna agus á gcomhpháirtíochtaí.
- Tacóimid le tógáil cumais agus le forbairt ghairmiúil i réimse rannpháirtíocht an phobail.
- Cuirfimid an luach a bhaineann le rannpháirtíocht amaitéarach agus dheonach sna healaíona chun cinn.

Cén chaoi a mbeidh a fhios againn gur chuireamar an sprioc seo chun cinn?

- Leanfaimid ag infheistiú i gcláir taighde agus faisnéise a mhéadaíonn ár n-eolas ar rannpháirtíocht an phobail agus a chuidíonn linn chun cuspóirí a leagan amach.
- Cinnteoidimid go nglactar cuntas de chláir a théann i ngleic le rannpháirtíocht ó chodanna áirithe den daonra agus go ndéantar measúnú orthu.
- Ceadóidh ár gcomhaontuithe maoinithe dúinn, nuair is cuí, athbhreithniú a dhéanamh ar eagraíochtaí i ndáil le rannpháirtíocht an phobail.
- Forbróimid creat dár dtacaíocht do chleachtas agus do rannpháirtíocht amaitéarach agus dheonach.

Rannpháirtíocht an Phobail

Cuspóir 6

Dea-chleachtas i bhforbairt lucht féachana agus i rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn agus a fhorbairt

Gníomhartha Tacaíochta

- Cinnteoidimid go n-éileoidh ár gcomhaontuithe maoinithe le heagraíochtaí ealaíon tiomantas léirithe d'fhás agus d'éagsúlú a lucht féachana agus do rannpháirtíocht an phobail a dhoimhniú.
- Bunóimid creat le tacú le taighde, le forbairt acmhainní agus le hoiliúint ghairmiúil i rannpháirtíocht an phobail, lena n-áirítear forbairt lucht féachana.

Cuspóir 7

Deiseanna a chruthú do rannpháirtíocht mhéadaithe sna healaíona i measc pobail ar leith

Gníomhartha Tacaíochta

- Oibreoimid le príomh-chomhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun gníomhartha straitéiseacha a bhunú a théann i ngleic leis an gclár oibre seo ar bhonn inbhuanaithe.
- Déanfaimid infheistíocht in ealaíontóirí agus in eagraíochtaí ealaíon atá tiomanta do chleachtas ealaíon comhoibríoch d'ardchaighdeán a bhíonn dírithe ar an bpobal.
- Déanfaimid infheistíocht le comhpháirtithe i dtacú le hobair ealaíon d'ardchaighdeán i bpobail Ghaeltachta.
- Beidh cleachtas ealaíon pobal-pháirteach mar phríomhfhócas dár gcaidreamh leis an rialtas áitiúil.
- Ionchorpróimid ár mbeartas um éagsúlacht chultúrtha i bpríomhshruth ár gcinnteoireachta.

Rannpháirtíocht an Phobail

Cuspóir 8

Pleanáil agus soláthar do leanaí agus daoine óga

Gníomhartha Tacaíochta

- Tacóimid le lárnacht na n-ealaíon in oideachas foirmiúil ag gach leibhéal agus do sholáthar ardchaighdeán gairmoiliúna sna healaíona.
- Oibreoidimid leis an Roinn Ealaíon agus leis an Roinn Oideachais chun forfheidhmiú iomlán na Cairte um na hEalaíona san Oideachas a bhaint amach.
- Déanfaimid infheistíocht in ealaíontóirí, in eagraíochtaí ealaíon agus i bpríomhchláir atá tiomanta d'ardchaighdeán saothair in ealaíona san oideachas agus in ealaíona na n-óg a fhorbairt, agus tacóimid le soláthar taithí ealaíon shármhaith do dhaoine óga san fhearann poiblí.
- Beidh soláthar do leanaí agus do dhaoine óga mar phríomhfhócas dár gcaidreamh leis an rialtas áitiúil.
- Ionchorpróimid ár dtiomantas do dhaoine óga i bpríomhshruth ár gcinnteoireachta, agus nuair is cuí, inár gcomhaontuithe maoinithe le heagraíochtaí ealaíon.

Cuspóir 9

Tacú le cleachtas amaitéarach agus deonach agus é a spreagadh

Gníomhartha Tacaíochta

- Léireoidimid an tábhacht chultúrtha agus an luach sochaíoch a bhaineann le cleachtas ealaíon amaitéarach inár gcláir comhairle agus tacaíochta.
- Aithneoidimid an tsuntasacht ar leith a bhaineann le cleachtas amaitéarach i bhfoirmeacha ealaíne nó seánraí áirithe.
- Aithneoidimid saothar luachmhar na n-oibrithe deonacha, go háirithe in ionaid agus i bhféilte ar fud na tíre, agus dreasóimid dea-chleachtas chuige sin trí na heagraíochtaí a dtabharfaimid maoiniú dóibh.



Straitéis Infheistíochta



Go n-infheistítear airgead poiblí go héifeachtach chun tosaíochtaí na Comhairle Ealaíon a réadú

Cén fáth an sprioc seo?

- Treoraíonn straitéis infheistíochta muid agus tugann sé eolas do dhaoine eile maidir leis an gcaoi a gcuidíonn ár bpleanáil airgeadais agus ár mbearta buiséadacha linn ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.
- Cuidíonn straitéis infheistíochta le pleanáil: pleanáil na Comhairle Ealaíon inár gcaidreamh leis an rialtas agus le comhpháirtithe; agus pleanáil na hearnála ealaíon ina caidreamh linne.
- Leagtar amach i straitéis infheistíochta an bunús le hathrú, ina n-áireofar athruithe ar phatrúin infheistíochta bunaithe, leithdháiltí buiséid agus caidrimh mhaoinithe.
- Soiléirítear i straitéis infheistíochta an bunús airgeadais le comhpháirtíochtaí agus caidrimh chómhaoinithe le raon páirtithe leasmhara.
- Cinntíonn straitéis infheistíochta na nithe seo faoinár n-infheistíochtaí:
 - o go mbíonn siad inbhuanaithe ina líon agus ina raon agus i gcomhréir le hacmhainní tuartha
 - o go ndéantar iad ar bhonn critéir shoiléire agus trí phróisis thrédhearcacha
 - o go ndéanann siad gearáil ar acmhainní breise airgeadais, idir phríobháideach agus phoiblí
 - o go ndreasaíonn siad gníomhartha gnó fiontraíochta agus comhoibritheacha
 - o go dtáirgeann siad sochair phoiblí inléirithe.

Céard a dhéanaimid chun an sprioc seo a bhaint amach?

- Forbróimid straitéis infheistíochta fhoriomlán atá comhsheasmhach lenár straitéis deich mbliana.
- Foilseoidimid pleananna trí bliana agus straitéisí infheistíochta bliantúla nia leagfar amach beartas, pleanáil agus soláthar buiséadach.
- Beidh ár straitéis infheistíochta mar bhonn eolais faoi chlár, faoi scéimeanna agus faoi thionscnaimh maoinithe nua nó leasaithe.
- Léireofar ár straitéis infheistíochta inár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha.
- Freastalóidh ár straitéis infheistíochta ar mhúnla geilleagrach na n-eagraíochtaí lena dtacaímid; spreagfaimid forbairt cláir tiomsaithe airgid agus urraíochta.
- Feabhsóimid ár monatóireacht ar thorthaí agus ar thionchair ár n-infheistíochta.

Cén chaoi a mbeidh a fhios againn gur chuireamar an sprioc seo chun cinn?

- Léireofar inár straitéis infheistíochta agus inár dtuarascáil bhliantúil, a fhoilsítear ag tús agus ag deireadh an phróisis buiséadaithe, an chaoi a bhfuil ár gcinntí agus ár leithdháiltí airgeadais comhsheasmhach lenár gcuspóirí straitéiseacha agus le mionsonraí ár bpleananna trí bliana.
- Beidh raon comhaontuithe maoinithe foirmiúla le comhpháirtithe agus le heagraíochtaí ealaíon ann chun éifeacht mhionsonraithe a thabhairt do ghnéithe dár straitéis agus dár bpleananna.
- Tuairisceoidimid faoi thorthaí agus faoi thionchair ár n-infheistíochta.

Straitéis Infheistíochta

Cuspóir 10

Na prionsabail agus na critéir a threoraíonn ár straitéis infheistíochta agus a bhíonn mar bhonn eolais faoinár gcinntí maoinithe a dhéanamh soiléir

Gníomhartha Tacaíochta

- Leagfaimid amach toimhdí agus paraiméadair airgeadais na straitéise airgeadais bhliantúla ionas go mbeidh sé soiléir cén chaoi a mbainfear athruithe straitéiseacha amach.
- Foilseoidimid cáipéis choimre faoi na cúig chroí-bhreithniú a bheidh mar bhonn eolais faoinár gcreat agus straitéis infheistíochta fhoriomlán, faoinár leagan buiséid agus faoinár gcinntí maoinithe. Seo a leanas na cúig bhreithniú sin:
(1) Caighdeán Ealaíonta; (2) Forbairt Foirm Ealaíne;
(3) Rannpháirtíocht leis an bPobal;
(4) Comhpháirtíochtaí agus Acmhainní; (5) Múnla Gnó.
- Déanfaimid athbhreithniú rialta ar gach gné dár straitéis infheistíochta ó chruth a chur ar á mbuiséad bliantúil, trí chritéir ár gcláir, ár ndámhachtainí agus ar scéimeanna maoinithe, go dtí mionsonraí na gcomhaontaithe maoinithe, lena chinntiú go dtéitear i ngleic le cuspóirí ár straitéise foriomláine agus ár bpleananna trí bliana.

Cuspóir 11

Infheistíocht a dhíriú ar ghníomhaíocht ealaíonta

Gníomhartha Tacaíochta

- Stiúrfaimid ár n-infheistíocht ar thacú le healaín d’ardchaighdeán agus le rannpháirtíocht an phobail sna healaíona.
- Rannchuideoidimid le costais sheasta nuair a bhíonn siad ríthábhachtach do bhaint amach ár spriocanna agus ár dtosaíochtaí mar ghníomhaireacht forbartha do na healaíona.

Straitéis Infheistíochta

Cuspóir 12

Comhaontuithe maoinithe a bhunú le heagraíochtaí agus le comhpháirtithe

Gníomhartha Tacaíochta

- Forbróimid comhaontuithe maoinithe mar bhunús leis na caidrimh athfhillteacha le heagraíochtaí ealaíon. Beidh na comhaontuithe dírithe ar ár straitéis a réadú agus meas a bheith ar chineál, ar chuspóir, agus ar neamhspleáchas gach eagraíochta ag an am céanna.
- Cinnteoidimid go mbeidh tiomantas follasach do dhea-dhálaí oibre agus do luach saothair cóir d'ealaíontóirí mar ghné lárnach de chomhaontuithe maoinithe na Comhairle Ealaíon le heagraíochtaí.
- Beidh comhaontuithe foirmiúla againn le húdaráis áitiúla agus le comhpháirtithe straitéiseacha eile le cuidiú le planáil agus chun freagrachtaí agus tosaíochtaí comhroinnte agus ar leith a shoiléiriú.
- Tabharfaimid isteach maoiniú ilbhliantúil do roinnt eagraíochtaí agus ar an gcaoi sin cothóimid planáil agus forbairt straitéiseach sna healaíona.
- Beimid ag súil go bhforbróidh agus go gcothóidh formhór na n-eagraíochtaí straitéisí agus cláir tiomsaithe airgid mar chuid dá dtiomantas do bhonn leathan ioncaim a bheith acu.

Cuspóir 13

Tacú le hobair ealaíontóirí neamhspleácha agus turgnamh a dhreasú

Gníomhartha Tacaíochta

- Cuirfimid creat ar ár mbuiséid, coinneoimid súil ar ár bpatrúin chaiteachais, agus dearfaimid ár gcomhaontuithe maoinithe lena chinntiú go ndéantar infheistíocht chomhréireach in obair ealaíontóirí agus grúpaí neamhspleácha agus nua.
- Cinnteoidimid go dtacaíonn ár gcláir agus ár bpróisis maoinithe le saothar uailmhianach, bunaidh agus turgnamhach thar réimse scálaí.

Straitéis Infheistíochta

Cuspóir 14

Tomhas ar thorthaí ár n-infheistíochta a fheabhsú

Gníomhartha Tacaíochta

- Forbróimid ár bpróisis inmheánacha, agus oibreoimid le daoine eile chun tionchar ár n-infheistíochta a thomhas níos fearr, ionas go dtuigfimid a torthaí agus a tionchair thar réimse critéar.
- Úsáidfimid fianaise ár dtomhais mar bhonn eolais faoinár dtacaíocht, faoinár gcomhairle agus faoinár gcumarsáid níos leithne.



Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach



Go dté soláthar ealaíon dea-phleanáilte chun tairbhe daoine ar fud na hÉireann

Cén fáth an sprioc seo?

- Bíonn caidreamh sainiúil idir daoine, áiteanna agus cultúr. Beidh prionsabail spásúla agus dhéimeagrafacha agus faisnéis spásúil agus dhéimeagrafach mar bhonn eolais faoi na pleananna trína bhforfheidhmeoidimid ár straitéis.
- Cuireann pleanáil spásúil – ag ionchorprú faisnéis dhéimeagrafach – faisnéis thábhachtach ar fáil do ghníomh comhoibritheach agus d'infheistíocht chomhroinnte páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta.
- Ní mór go mbeadh pleanáil ealaíon feasach ar phatrúin athraitheacha spásúla agus dhéimeagrafacha mar aon le tosca geilleagair.
- Má táthar le forbairt inbhuanaithe na n-ealaíon ar fud na tíre a bhaint amach ní mór athruithe a dhéanamh ar an gcaoi a léirítear freagracht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta as soláthar ealaíon.

Céard a dhéanaimid chun an sprioc seo a bhaint amach?

- Cuirfimid comhairle ar an rialtas faoi bhreithnithe spásúla agus déimeagrafacha ar cheart a bheith mar bhonn eolais faoi bheartas cultúrtha náisiúnta, lena n-áirítear forbairt chaipitil.
- Leanfaimid lenár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le rialtas áitiúil agus le húdaráis áitiúla aonair.

- Áireoidimid bearta spásúla agus déimeagrafacha sna critéir a bhaineann le 'rannpháirtíocht an phobail' a chuireann bonn eolais faoinár straitéis infheistíochta agus faoinár gcinntí maoinithe.
- Oibreoimid le daoine eile lena chinntiú go mbeidh bunús fianaise láidir ann do phleanáil agus d'infheistíocht ealaíon, ag eascairt as faisnéis agus anailís spásúil agus dhéimeagrafach.

Cén chaoi a mbeidh a fhios againn gur chuireamar an sprioc seo chun cinn?

- Beidh bunús spásúil agus déimeagrafach ár bpleanála soiléir ónár gcáipéisí comhairle agus tacaíochta agus ónár gcumarsáid leis an bpobal.
- Léireoidh ár bpleananna straitéiseach, ár straitéisí infheistíochta agus ár dtuarascálacha bliantúla réamh-mheastacháin agus torthaí ár gcuid oibre i dtéarmaí spásúla agus déimeagrafacha, ag cur le dearcthaí ealaíon agus airgeadais.
- Mar thoradh ar ár gcomhpháirtíocht le rialtas áitiúil – bunaithe i gcomhaontuithe foirmiúla – beidh athruithe ar phatrúin bhunaithe na hinfeistíochta náisiúnta, réigiúnaí agus áitiúla.
- Cuirfidh faisnéis spásúil agus dhéimeagrafach d'ardchaighdeán atá cothrom le dáta a fhaightear ó phríomhfhoinsí poiblí lenár gclár sonraí agus faisnéise féin.

Cuspóir 15

A chinntiú go mbíonn an creat pleanála náisiúnta agus dea-anailís spásúil agus dhéimeagrafach mar bhonn eolais faoinár mbeartas agus straitéis

Gníomhartha Tacaíochta

- Beidh eolas maith againn ar an gcreat pleanála náisiúnta agus, nuair is cuí, cuirfimid lena éabhlóidiú agus lena chur i bhfeidhm.
- Nascfaimid ár sonraí agus ár bhfaisnéis a bhaineann go sonrach leis na healaíona le faisnéis spásúil agus dhéimeagrafach ó phríomhfhoinsí poiblí chun bunús fianaise láidir a chur ar fáil dár bpleanáil, dár gcomhpháirtíochtaí agus dár n-infheistíochtaí.

Cuspóir 16

Ár bpríomh-chomhpháirtíocht straitéiseach le rialtas áitiúil a fhorbairt

Gníomhartha Tacaíochta

- Cuirfimid an “creat comhoibrithe” foirmiúil a aontaíodh idir an Chomhairle Ealaíon agus Cumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach chun cinn.
- Úsáidfimid an creat sin mar bhonn eolais faoi chomhaontuithe aonair idir an Chomhairle Ealaíon agus údaráis áitiúla ar fud na tíre.
- Déanfaimid comhaontuithe le húdaráis áitiúla aonair i gcomhthéacs pleanáil réigiúnach agus freagrachtaí náisiúnta atá sonrach don Chomhairle Ealaíon.

Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach

Cuspóir 17

A chinntiú go mbíonn infheistíocht i mbonneagar ealaíon straitéiseach agus inbhuanaithe

Gníomhartha Tacaíochta

- Forbróimid agus forfheidhmeoidimid straitéis shoiléir i gcomhair infheistíocht roghnaitheach agus inbhuanaithe sa bhonneagar do na healaíona (idir thógtha agus eagraíochtúil). Beidh ár ról mar ghníomhaireacht náisiúnta forbartha, ár dtosaíochtaí straitéiseacha, breithnithe spásúla, tiomantas ár gcomhpháirtithe maoinithe, agus acmhainní tuartha mar bhonn eolais faoi.
- Beidh an cuspóir seo lárnach inár gcomhpháirtíocht le rialtas áitiúil ionas go mbeidh barr feabhais ar ár n-infheistíocht chomhroinnte sna healaíona ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach.
- Cuirfimid comhairle ar an rialtas le cistí caipitil a thabhairt chun an bonneagar tógtha reatha a chothabháil agus a oibriú, mar sin ag díriú ár n-infheistíochta reatha ar ghníomhaíocht ealaíonta.

Cuspóir 18

Comhairle agus tacaíocht a thabhairt lena chinntiú go mbíonn soláthar caipitil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil comhordaithe agus inbhuanaithe

Gníomhartha Tacaíochta

- Déanfaimid iarracht tionchar a bheith againn ar chinnteoireacht ar fhorbairt chaipitil sna healaíona lena chinntiú go mbíonn sí dea-phleanáilte ó thaobh dearcadh spásúil agus go ríomhtar agus go soláthraítear costais oibríochtúla agus cláir amach anseo.



Cumas a Fhorbairt



Go raibh an fhaisnéis, na scileanna agus an chruthaitheacht ag an gComhairle Ealaíon agus ag an earnáil ealaíon chun an straitéis seo a réadú

Cén fáth an sprioc seo?

- Ní mór don Chomhairle Ealaíon saineolas i raon réimsí a athnuachan agus a fhorbairt go leanúnach agus forbairt na n-ealaíon á treorú aici. Dá bharr seo, beidh orainn ár gcleachtas a athrú agus a athnuachan, díreach mar a iarrfaimid ar dhaoine eile a dhéanamh.
- Ní mór go mbeadh fórsa oibre agus acmhainní na Comhairle Ealaíon agus na hearnála ealaíon oilte, dinimiciúil agus inoiriúnaithe chun dúshlán agus deiseanna na meán agus na dteicneolaíochtaí nua, iompair nua shóisialta agus chultúrtha, réadúlachtaí déimeagrafacha nua agus ionchais nua a bhaineann le luach ar airgead a shásamh.
- Athróidh ár dtosaíochtaí straitéiseacha ár gcaidrimh oibre laistigh de na healaíona agus taobh amuigh díobh. Beidh orainn chomh maith comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí a cruthú idir na healaíona agus an tsochaí agus an geilleagar níos leithne.

Céard a dhéanaimid chun an sprioc seo a bhaint amach?

- Beimid níos rannpháirtí i dtacú go gníomhach le luach sainiúil agus le tábhacht na n-ealaíon.
- Cinnteoidimid, ag tráth athraithe chultúrtha shuntasaigh, go bhfuil leithead saineolais agus doimhneacht eolais againn le go mbeimid éifeachtach mar an ghníomhaireacht forbartha do na healaíona.
- Déanfaimid athbhreithniú agus athrú, de réir mar is gá, ar gach gné den chaoi a dtéimid i ngleic lenár sainchúram, a mbainistimid ár gcaidrimh agus a ndéanaimid ár ngnó.
- Beidh forbairt ghairmiúil earnáil na n-ealaíon mar fhócas ár n-infheistíochta agus ár gcomhghníomhaíochtaí le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara.

Cén chaoi a mbeidh a fhios againn gur chuireamar an sprioc seo chun cinn?

- Beidh sé le feiceáil go mbeidh an Chomhairle Ealaíon gníomhach i gcur chun cinn na n-ealaíon agus i dtacú lena luach sóisialta agus lena tairbhe gheilleagrach.
- Beidh athruithe ar shocruithe, ar chórais agus ar nósanna imeachta ár n-eagraíochta d'fhonn cuspóirí ár straitéise a fhorfheidhmiú.
- Beidh nasc idir ár straitéis fhoriomlán, ár bpleananna trí bliana, ár straitéis infheistíochta, ár bpleananna corparáideacha inmheánacha agus ár dtuarascálacha bliantúla mar gheall ar a gcomhsheasmhacht chuspóra agus ar a sraith cuspóirí comhroinnte a bpleanálfaí dóibh, a n-oibreofar ina dtreo agus a ndéanfar tuairisciú orthu.
- Tá roinnt modhanna agus múnlaí bunaithe againn le cur lenár saineolas le faisnéis agus le comhairle ó réimsí éagsúla.
- Beidh raon clár agus scéimeanna ann le dul i ngleic le tógáil cumais agus le forbairt ghairmiúil in earnáil na n-ealaíon.

Cumas a Fhorbairt

Cuspóir 19

A chinntiú go seachadann an Chomhairle Ealaíon an straitéis seo go saineolach, go héifeachtach agus go héifeachtúil

Gníomhartha Tacaíochta

- Déanfaimid athbhreithniú leanúnach agus athruithe, de réir mar is gá, ar ár rialachas, ar ár struchtúir, ar ár nósanna imeachta agus ar ár córais, ag cinntiú go léiríonn siad ár luachanna sainráite i gcónaí.
- Forbróimid plean leanúnach don fhórsa oibre (ina mbeidh an fhoireann agus comhairleoirí) mar chuid de gach plean trí bliana a dhearfad chun an straitéis seo a fhorfheidhmiú.
- Breiseoidimid ár saineolas i roinnt réimsí tábhachtacha, a bhfuil baint acu lena chéile: (i) pleanáil chorparáideach; (ii) bainistiú tionscadail; (iii) bainistiú agus tuairisciú feidhmíochta.
- Forbróimid ár gcumas i réimsí taighde, sonraí agus faisnéise agus cumarsáide, ionas go léireoidimid aschuir agus torthaí ár straitéise infheistíochta agus chun bonn eolais a chur faoinár gcomhairle agus tacaíocht.
- Cinnteoidimid go bhfuil eolas maith againn ar thrasnuithe ár gcuid oibre le príomhréimsí sóisialta agus geilleagracha.
- Cinnteoidimid go mbíonn ár gcóras ICT thar barr dul i ngleic lenár bhfreagrachtaí i leith an phobail, an rialtais agus earnáil na n-ealaíon.

Cuspóir 20

A chinntiú go bhfuil an Chomhairle Ealaíon gníomhach agus cruthaitheach sa chaoi a gcuireann sí na healaíona chun cinn

Gníomhartha Tacaíochta

- Forbróimid straitéis le dul i ngleic lenár bhfeidhm reachtúil chun na healaíona a chur chun cinn agus chun a luach sainiúil thar raon beart a léiriú: idir chultúrtha, shóisialta agus gheilleagrach.
- Úsáidfimid acmhainní, cruthóimid rannpháirtíochtaí agus oibreoidimid leis an earnáil ealaíon chun na healaíona a chur chun cinn thar go leor ardán.
- Úsáidfimid acmhainní poiblí agus tiomáinfimid ár n-acmhainní féin le tacú le gníomhartha i dtaighde agus faisnéis a bheidh mar bhonn eolais faoinár dtacaíocht agus cumarsáid níos leithne.
- Cuirfimid béim ar an tábhacht agus ar an tionchar méadaitheach atá ag na healaíona ar thionscail chruthaitheacha, ar fhiontar, ar thurasóireacht chultúrtha, ar infheistíocht dhíreach choigríche agus ar ghnéithe tábhachtacha eile de gheilleagar na hÉireann.

Cuspóir 21

A chinntiú go mbíonn earnáil na n-ealaíon oilte, acmhainneach agus tiomanta dá hathnuachan féin

Gníomhartha Tacaíochta

- Tacóimid le dea-rialachas agus le ceannaireacht eagraíochtaí ealaíon agus dreasóimid iad, lena n-áirítear aird chuí a thabhairt ar phleanáil chomharbais.
- Beimid ag súil go mbeidh eagraíochtaí ealaíon comhoibritheach agus nuálach ina gcleachtais ghnó agus bhainistíochta agus go dtógfaidh siad bunús leathan foinsí ioncaim: idir phoiblí, phríobháideach, agus tuillte.
- Oibreóimid le daoine eile sna healaíona agus taobh amuigh díobh chun creat forbartha gairmiúil a chruthú ina n-áirítear oiliúint, meantóireacht, malartuithe agus socrúcháin a dheartar le tacú le bealaí dul chun cinn laistigh de dhisciplíní agus le bealaí ar fud na n-ealaíon agus tharstu freisin.
- Léireóimid suntasacht shonrach scileanna agus eolas digiteach do na healaíona trí bheith ag comhoibriú chun cumas digiteach a thógáil in earnáil na n-ealaíon. Díreofar ár dtacaíochtaí ar bhealaí nua oibre agus ar fhéidearthachtaí nua do rannpháirtíocht an phobail.

